Díoth cruidh coire Tomás

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 26]

Niall Ó hUiginn

1 Díoth cruidh coire Tomás;
taoiseach Teallaigh Eachach
an fial [coipcheann] cruthach
mar Bhrian coitcheann creachach.

2 Trí choire ag cleith Chruachan,
gon chraoibh bhéildeirg bhoinnghil,
coire thoighe a theaghlaigh
is coire gá choinnmhibh.

3 Coire bhíos gá bantrocht,
bean churadh chuain Bhanna,
sa doire i dtráigh tunna
coire gá mnáibh malla.

4 A chuid laoi is lán coire
cuingidh gruaidhgheal Gabhráin;
ní dhruid chaidhche ó chongháir,
a chuid aidhche is anbháil.

5 Ár muc ár bó mBréifneach
do-bheir go mbí an Carghas;
ní háil leis lón lachtchruidh,
mór do mhartaibh mharbhas.

6 Do bhiathadh fhear n-Alban
is eachtrann n-iath n-Uladh
[biadh] gon chraoibh shuairc shuilbhir
n-a bruighnibh do bhunadh.

7 Coinnmhe Line is Laighean
agus Midhe is Mhumhan
tug díoth ar gach ndoire;
ní sgíoth coire an churadh.

8 Ar gcur áir na n-áirgheadh
d’fhéinidh Bhóinne buige,
díoth tug ar na tréadaibh
rug n-a gcéadaibh chuige.

9 Tomás mhac Briain Bhreaghaigh,
badhbh Daoile na ndonnbhrat,
ag freasdal chliar gConnacht

mar ChonnArt mar Chormac.

10 Mág Shamhradháin shireas
gach tír [mar] Bhrian Bearbha;
díoth cruidhchreach a coire,
tuirchleath Mhoighe Meadhbha.

11 Lán an chnuic do choinnmhibh
dá chathraigh láin luchtmhair;
lán toighe do theachtaibh
le choire sa chuchtair.

12 Leasg linn ar lámh fholamh
go foghlaidh clann gCraoidhe;
d’fhior thadhaill gach thíre
ní lamhaim gan laoidhe.

13 Go loch n-aoibhinn n-Uachtair
ag airgneach Cairn Churrnán
coinne ag na Trí Tuathaibh
i gCruachain ó gCubhrán.

14 Lán gach tír do thoirthibh
ag tuir éachtaigh Adhar;
lán do bhuaibh na mbrughadh
gach clár dá bhfuair falamh.

15 Mór ghléasdair do ghormghaibh;
ag déagsain an donnshróill,
do chan fóir gá bhfeitheamh:
“Cóir teicheadh an tromshlóigh.”

16 Ní lamhthar a leanmhain;
cá léirchreach nach léamhadh ?
síoth nó osudh d’aomhadh
díoth dosun a dhéanamh.

17 Conmhaicne í Bhriuin Bhréifne
ag baidhbh Chliach gá coimhriar;
clann Róigh éachtach armruadh
créachtach ó fhóir Oirghiall.

18 Teallach n-Eachach éachtach
aigbhéil d’fhearaibh gaisgidh;
re bhféachain nír fuirgheadh,
nír fuilngeadh a bhfaisgin.

19 Tréan ar fearaibh Fódla
flaith Fáil, feidhm ós raineart,

do ionghair gach oireacht
gan fhionghail gan aineacht.

20 Re creachaibh a chréachtshlóigh
cá tréantóir nar tubhadh
nós dá ndearna ar deireadh
deighfhear Eamhna Uladh ?

21 Sluagh Breagh ón ghleo gháibhtheach
ceo ar sróll ngeal a ngéirchleath,
a gcosdudh ar criathrach
ag brosdudh na mBréifneach.

22 Seacht gcéad sleagh ar sluaigheadh
seabhac cosgrach Codhail;
seacht gcéad glac dó i ndeabhaidh
slat Ghréag bró do bhoghaibh.

23 Laoch seacht gcéad do chloidhmhibh
inar Chearmaid mór Mirbhéal,
seacht gcéad each fan [uathfhras]
is cleath ruadhchas rinnghéar.

24 Rosg mall is dreach dheirgmhín,
daghclann each ar airdléim,
taoiseach as fhiu airdrígh
[dan] liu craoiseach cailgréidh.

25 Rí na dtaoiseach Tomás,
tuir Mhis mheallas ríoghain,
Ság Shamhradhán Shoghuin
n-a roghuin ós ríoghaibh.

26 Mac meic Dhonnchaidh Dhurlais,
dreagun súlghorm sochraidh
ní hál drud re dheabhthaibh,
ár thug is na tochraibh.

27 Re muintir Maoil Mhórdha
mór fearg flatha Doire;
mó a fhíoch do Mhuigh Mhidhe
gidh díoth cruidh a choire. Díoth

28 Inghean mhall Mhéig Uidhir
ucht geal, gruadh mar chorcair,
drud re haoibh sgol sgagthair,
tug chrodh ar laoidh lochtaigh.

29 Inghean ríogh is ríoghna

a réim cúich nach cualaidh;
dál gan chleith ag cliaraibh
gan ghrádh neich ag Nualaidh

30 Ós bhainríoghnaibh Banbha
bhíos bean churadh Cairbre;
is í a lámh as luighthe,
dámh ní chuirfe ar cairde. Díoth

31 Móide a-nois nós Gráinne
gnaoi uirre as a hóige;
an mhéid dá crudh chaitheas
a maitheas is móide. Díoth

32 Caillin ceann na n-ardnaomh,
éarlumh rob fhearr aisde,
lucht crábhaidh chruaidh charas,
sluaigh gabhas n-a ghaisde. Díoth

33 Toirrdhealbhach triath Fódla,
fear caithmhe gach cisde,
mar Dhá Thí, mar Thuathal,
rí Cruachan as clisde. Díoth